

An raibh a fhios agat?

Is féidir leat féin fo-iarsmaí a thuairisciú

Mar othar, tá sé de cheart agat fo-iarsmaí cógas gan iarraidh a thuairisciú go díreach chuig na húdaráis. Is féidir leat fo-iarsma a thuairisciú freisin thar ceann duine i do chúram, amhail páiste nó duine gaolta leat.

Ná déan dearmad labhairt le do dhochtúir nó le do phoitigéir má tá inní ort maidir le fo-iarsma amhrasta ar bith.

Cén fáth a dtuairiscítear fo-iarsma?

Bímid i gcónaí ag foghlaim faoi chógais.

Cé go ndéantar tástáil fairsing orthu i dtrialacha cliniciúla sula gceadaítear iad, ní féidir gach eolas a bheith ann maidir lena gcuid fo-iarsmaí go dtí go mbaineann a lán daoine úsáid astu thar thréimhse ama.

Trí fho-iarsma a thuairisciú, d'fhéadfá cabhrú le tuilleadh eolais a sholáthar faoi chógais, rud a bheadh ina chúnamh agus iad á ndéanamh níos sábhailte sa deireadh thiar thall.

Conas fo-iarsma a thuairisciú?

Má cheapann tú go bhfuil cógas tar éis fo-iarsma a chruthú, féach bileog an phacáiste a thagann leis an gcógas le do thoil le haghaidh eolais faoina thuairisciú.

De ghnáth, is féidir leat fo-iarsma a thuairisciú trí fhoirm ar líne a líonadh isteach nó trí fhoirm a fháil ó do dhochtúir féin nó ó do chógaslann áitiúil.

Le tuilleadh sonraí a fháil, agus chun tuairisciú a dhéanamh ar líne, féach láithreán gréasáin d'[údaráis áitiúil](#) le do thoil (bain úsáid as na naisc seo chun a chinntiú go bhfuil tuairisciú á dhéanamh agat ar an suíomh gréasáin ceart).

Cén t-eolas ar ceart dom a thuairisciú?

Más féidir, ba cheart duit an t-eolas seo a leanas a thabhairt agus tuarascáil á déanamh agat:

- eolas faoin duine a bhraith an fo-iarsma (amhail aois agus inscne);
- cur síos ar an bhfo-iarsma;
- dáileog agus ainm an chógais atá faoi amhras gur chruthaigh sé an fo-iarsma (ainm branda chomh maith leis an gcomhábhar gníomhach);
- baicuimhir an chógais (ar fáil ar an bpacáistíocht);
- aon chógas eile a bhí á chaitheamh an tráth sin (lena n-áirítear cógais neamh-oidis, leigheasanna luibhe agus frithghiniúnaigh);
- aon dála sláinte eile a d'fhéadfadh a bheith ag an duine a bhraith an fo-iarsma.



Ceisteanna coitianta

Conas a bhíonn fhios agam gur bhraith mé fo-iarsma?

Is ionann fo-iarsma (ar a dtugtar frithghníomh díobhálach chomh maith) agus siomptóm nó toradh gan iarraidh cruthaithe ag cógas. Ní féidir leat a bheith cinnte i gcónaí gurb é an cógas féin cúis a bhfuil á bhrath agat, ach trí fho-iarsmaí a thuairisciú is féidir leat cabhrú leis na húdaráis ina gcuid fiosrúchán, agus cógais níos sláintiúla mar thoradh air sin.

Cad a tharlaíonn do mó thuarascáil tar éis a seoladh agam?

Déanfaidh saineolaithe sábháilteachta cógais athbhreithniú ar do thuarascáil, in éineacht le tuarascálacha eile faoin gcógas, chun a fháil amach an bhfuil aon eolas nua ann (ar a dtugtar 'comhartha sábháilteachta'). Tar éis measúnú a dhéanamh ar an gcomhartha sábháilteachta agus na sonraí ábhartha eile go léir, d'fhéadfadh údaráis cógas foláirimh nó comhairle nua a eisiúint faoi conas ar cheart úsáid a bhaint as an gcógas, agus d'fhéadfaidís stop a chur lena úsáid fiú.

An féidir liom cabhair a fháil agus fo-iarsma á thuairisciú agam?

Is féidir. Is féidir le do dhochtúir nó do phoitigéir cabhrú leat an tuarascáil a chomhlíonadh, agus is féidir leat iarraidh orthu an tuarascáil a sheoladh ar do shon. D'fhéadfadh eagraíochtaí othar i do thír féin cabhrú leat chomh maith.

Tá triantán dubh ag an gcógas ar bhileog an phacáiste. Cad a chiallaíonn sé seo?

Is meabhrúchán é an triantán dubh bunoscion '▼' aon fho-iarsmaí amhrasta a thuairisciú, toisc gur nua é an cógas nó toisc go bhfuil gá faoi leith tuilleadh a fháil amach faoina shábháilteacht fhadtréimhseach. Ní chiallaíonn an siombail go bhfuil do chógas fabhtach.

An bhfuil mo sonraí pearsanta faoi chosaint?

Próiseálar an fhaisnéis phearsanta go léir maidir le fo-iarsma a thuairisciú de réir reachtaíocht um chosaint sonraí an AE. Ní bhaintear úsáid as do thuarascáil ach amháin le haghaidh measúnaithe eolaíoch an chógais.

Cá bhfaighinn eolas faoi na fo-iarsmaí atá tuairiscithe cheana féin i leith an chógais?

Is féidir leat féachaint ar bhileog an phacáiste a thagann leis an gcógas. Is féidir leat bunachar sonraí Eorpach (www.adrreports.eu) a sheiceáil freisin nó dul i dteagmháil le d'údarás náisiúnta cógas le tuilleadh eolais a fháil.

Má tá imní ort maidir le fo-iarsmaí amhrasta ar bith ó do chógas, labhair le do dhochtúir nó le cógaiseoir le do thoil chun comhairle a fháil. Ba cheart duit dul i dteagmháil leo láithreach má bhraitheann tú fo-iarsma a mheasann tú tromchúiseach nó má thugtar béim air mar fho-iarsma tromchúiseach i mbileog an phacáiste a thagann leis an gcógas.